Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Aibreán 2017
(OR. fr)

7782/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0023 (COD)

CODEC 504
ENV 300
COMER 45
MI 285
ONU 49
SAN 130
IND 75

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 2 Feabhra 2016, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE agus ar Airteagal 207 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 25 Bealtaine 2016[2]. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 14 Márta 2017. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 5771/16.
[2] 7220/17.
[3] IO C 303, 19.8.2016, lch. 122.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 4/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireachtaí na Bulgáire agus na hUngáire ag staonadh;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.